An Roinn Oideachais
Department of Education

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) Tionscadal Píolótach don Ghaeilge 2024/25

## Cuireadh do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun páirt a ghlacadh san tionscadal píolótach

9 Aibreán 2024

# 1. Contents


**1. Réamhrá** **8**

1.1. Cén fáth go bhfuil cur chuige comhtháite ábhair agus teanga á phlé? 8
1.2 Céard é FCÁT? 9
1.3 Cén fáth an t-am i láthair? 9
1.4 Cad iad buntáistí an Tionscadail FCÁT? 10

**2. Raon an Tionscadail Gaeilge FCÁT** **10**

2.1 Cad í aidhm an Tionscadail FCÁT? 10
2.2 Cad é raon an Tionscadail FCÁT? 10
2.3 Cad iad na hábhair a mhúinfear trí Ghaeilge? 11
2.4 Cad iad na rang-ghrúpaí a bheidh páirteach? 11
2.5 Cé mhéad rang/ceacht a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge? 11
2.6 Conas a dhéanfar meastóireacht ar an tionscadal? 12
2.7 Cén tacaíocht a thabharfar do mhúinteoirí atá rannpháirteach? 12

**3. An dóigh le hiarratas a dhéanamh** **12**


# 1. Réamhrá

## 1.1. Cén fáth go bhfuil cur chuige comhtháite ábhair agus teanga á phlé?

I measc na gcuspóirí i réimse an oideachais atá leagtha síos sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030,* agus sa *Plean Gníomhaíochta 2018-2022* atá bainteach léi, tá tiomantas na Roinne maidir le cur chuige Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus

Teanga (FCÁT) a fhiosrú mar thaca don pháirt-tumoideachas sa Ghaeilge[1] a chur i bhfeidhm i scoileanna agus i suíomhanna Luath-Óige.

## 1.2 Céard é FCÁT?

Éascaíonn cur chuige FCÁT soláthar gnéithe den churaclam i dteanga nach teanga teagaisc na scoile í. Cé nach ionann FCÁT agus an tumoideachas, cuireann sé solúbthacht agus deiseanna ar fáil le cur chuige atá níos dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc teanga a aimsiú (an Ghaeilge sa chás seo) i scoileanna agus i suíomhanna Luath-Óige ina bhfuil an Béarla mar mheán trí:

- theagmháil na bhfoghlaimeoirí leis an nGaeilge a mhéadú trí úsáid na Gaeilge a leathnú mar mheán cumarsáide agus teagaisc i bhfíor-chomhthéacsanna taobh amuigh de cheachtanna Gaeilge;
- thacú le forbairt inniúlachtaí ardoird cognaíocha agus cruthaitheacha na bhfoghlaimeoirí;
- leas a bhaint as agus imeascú a dhéanamh maidir deiseanna teanga a shealbhú agus ábhar a fhoghlaim in achair eile curaclaim;
- stór oideolaíocha oideoirí Luath-Óige, mhúinteoirí bunscoile agus mhúinteoirí na Gaeilge agus ábhair eile a mhéadú;
- buntáistí an dátheangachais taobh amuigh d'earnáil na Gaelscolaíochta a leathnú agus cur chun cinn.

## 1.3 Cén fáth an t-am i láthair?

Tá forbairtí suntasacha tar éis tarlú san oideachas in Éirinn agus i soláthar curaclam na Gaeilge san earnáil Luath-Óige, sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna ó fhoilsiú *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an Rialtais.

- Don chéad uair, foilsíodh sonraíochtaí faoi leith do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla in 2016.
- Cuireann *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019) cur chuige comhtháite chun cinn i bhfoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge.
- In 2016, cuireadh i bhfeidhm Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COL) a dhéanann meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthar oideachais sna suíomhanna Luath-Óige atá páirteach sa Chlár Cúraim

---

[1] Tá tionscadal FCÁT comhthreomhar ar bun i réimse na dTeangacha Iasachta mar atá leagtha amach in *Déanann Teangacha Nasc*: *Straitéis doTheangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026* .

agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ), maoinithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### 1.4 Cad iad buntáistí an Tionscadail FCÁT?

I measc na mbuntáistí do scoláirí tá:

- Feabhas ar spreagadh agus eolas na scoláirí sa Ghaeilge agus san ábhar araon
- Feabhas ar scileanna cognaíocha na scoláirí, ar nós smaointeoireacht ardoird agus criticiúil
- Feasacht agus eolas cultúrtha na scoláirí a fhorbairt
- Straitéisí teanga agus cumarsáide na scoláirí a fhorbairt.

I measc na mbuntáistí do mhúinteoirí tá:

- Méadú ar dheiseanna d'fhorbairt ghairmiúil ina gcuirfidh an oiliúint lena dtuiscint ar an gcur chuige FCÁT, na prionsabail oideolaíochta atá mar bhunús le FCÁT, chomh maith le hoideolaíochtaí eile teagasc teanga
- Deiseanna le comhoibriú le comhghleacaithe laistigh dá scoil féin a mhéadú, chomh maith le múinteoirí ó shuíomhanna agus scoileanna eile
- Leibhéil spreagtha ardaithe maidir le foghlaim na Gaeilge i measc foghlaimeoirí ina gcuid ranganna.

---

# 2. Raon an Tionscadail Gaeilge FCÁT

## 2.1 Cad í aidhm an Tionscadail FCÁT?

Is í aidhm an tionscadail FCÁT ná cumas, muinín agus meon an fhoghlaimeora i leith na Gaeilge a fheabhsú i suíomhanna Luath-Óige agus i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Tá fáil ar eolas úsáideach agus samplaí d'acmhainní ar shuíomh gréasáin Oide ag: https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/

## 2.2 Cad é raon an Tionscadail FCÁT?

Céim forbartha a bhí i gceist le Bliain 1 (An Píolót) inar oibrigh líon beag scoileanna agus suíomhanna Luathbhlianta le foireann tionscadail na Roinne chun acmhainní agus na tacaíochtaí a aithint. Tá sé beartaithe anois deis a thabhairt do líon níos mó scoileanna páirt a ghlacadh sa tionscadal. I mBliain 4 tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag méadú de réir a chéile ar líon na suíomhanna Luathbhlianta agus na scoileanna atá rannpháirteach. Ag teacht le haidhm na Roinne cur le líon

na scoileanna atá rannpháirteach sa tionscadal, táthar anois ag tabhairt cuireadh do léirithe spéise ó scoileanna don cheathrú bliain den tionscadal.

Is gné thábhachtach den tionscadal seo é pobail chleachtais a bhunú idir agus laistigh de scoileanna. Dá bharr seo, ní mór d'íoslíon áirithe múinteoirí a bheith páirteach i ngach scoil. De bharr gurb í an Ghaeilge sprioctheanga an tionscadail, don iar-bhunleibhéal is den riachtanas é gur múinteoirí Gaeilge a mbeidh an dara hábhar curaclaim á theagasc acu do scoláirí sa chéad bhliain in 2024/25 a bheidh ag glacadh páirte.

Bunaíodh grúpa stiúrtha leis an Tionscadal FCÁT a bhainistiú, a chuimsíonn ionadaithe ón Roinn, Oide, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), Teangacha Iar-bhunscoile Éire, Conradh na Gaeilge, OCBÁC, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad.

## 2.3 Cad iad na hábhair a mhúinfear trí Ghaeilge?

Braithfidh rogha na n-ábhar ar na hábhair a chuirtear chun cinn ag na scoileanna a léiríonn spéis chomh maith le foireann tacaíochta cuí a bheith ar fáil. Níl sa liosta ábhair seo a leanas ach liosta samplach agus féadfaidh na hábhair a roghnaítear ar deireadh a bheith difriúil. Ag leibhéal na bunscoile is féidir go mbeidh Corpoideachas, na hAmharcealaíona, Matamaitic nó Eolaíocht san áireamh. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile breithneofar ábhair mar Thíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Amharc-ealaín, Ceol, Oideachas Reiligiúin, OSPS agus OSSP. Braithfidh rogha na n-ábhar ar na cinn a mholann scoileanna a léiríonn spéis chomh maith le foireann tacaíochta cuí a bheith ar fáil. Níl sa liosta ábhair thuas ach liosta samplach agus féadfaidh na hábhair deiridh a roghnaítear a bheith difriúil.

## 2.4 Cad iad na rang-ghrúpaí a bheidh páirteach?

Díreoidh an tionscadal ar na ranganna naíonán agus Rang a 5 agus 6 ag leibhéal na Bunscoile agus an chéad bhliain den iar-bhunscoil. De ghnáth, déanfaidh na scoláirí a bheidh páirteach staidéar ar an nGaeilge mar dhara teanga (T2) i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

## 2.5 Cé mhéad rang/ceacht a chuirfear ar fáil trí Ghaeilge?

I gcás na scoileanna a bheidh ag glacadh páirte den chéad uair in 2024/25, beidh modúl feidhmithe 1 x 8 seachtaine i ngach ceann de na spriocábhair.
Beidh deis ann do na scoileanna sin a bheidh ag leanúint leis an tionscadal ó 2023/24 cur leis an tréimse ama rannpháirtíochta ionscoile leis an gcur chuige FCÁT.

## 2.6 Conas a dhéanfar meastóireacht ar an tionscadal?

Beidh gá le meastóireacht rialta ag múinteoirí, ag an tús, i rith an tionscadail agus ag deireadh na bliana.  Tá acmhainní táscaire/meastóireachta forbartha agus cuirfear ar fáil iad do mhúinteoirí chun na críche sin.  Ina theannta sin, úsáidfear aiseolas ó mhúinteoirí/chaomhnóirí, ó phríomhoidí, ó scoláirí agus ó thuismitheoirí mar bhonn eolais d'fhorbairt an tionscadail.

## 2.7 Cén tacaíocht a thabharfar do mhúinteoirí atá rannpháirteach?

Cuirfidh Oide FGL sa chur chuige FCÁT ar fáil do mhúinteoirí a bheidh rannpháirteach sa tionscadal. Beidh saineolaithe tríú-leibhéal atá ag obair sna réimsí teanga agus oiliúint múinteoirí chomh maith le taighde mar bhonn eolais don FGL.  Táthar ag súil go mairfidh sé suas le trí lá, agus tacaíocht scoile ar-líne san áireamh le cuid de.

D'fhéadfaí go gcuirfear costais ionadaíochta agus taistil ar fáil do mhúinteoirí a bheidh ag glacadh páirte san FGL más gá.

---

# 3. An dóigh le hiarratas a dhéanamh

Tá an Roinn anois ag lorg Léirithe Spéise ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun páirt a ghlacadh sa tionscadal spreagúil agus nuálach seo don scoilbhliain 2024/25. Roghnóidh an Roinn scoileanna bunaithe ar shuíomh, cineál agus ar na hacmhainní teagaisc atá ar fáil.

Ba cheart do scoileanna ar suim leo a bheith páirteach sa tionscadal Foirm Iarratais a chomhlánú ar líne roimh am scoir gnó ar an **Aoine 10 Bealtaine 2024**.

Is féidir teacht ar an bhFoirm Iarratais ar líne trí nasc atá ar:
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/3dd069-none/#tionscadal-foghlaim-chomhthaite-abhar-agus-teangacha-fcat-don-ghaeilge

Tabharfar tús áite do scoileanna a léirigh spéis anuraidh ach nár roghnaíodh don tionscadal.

Dearbhóidh an Roinn na scoileanna a roghnófar le bheith páirteach ar nó roimh an Aoine, 17 Bealtaine 2024.